55 Oibriṫe ag £6 sa tSeaċtain

Ceisteanna fa Ṁonarcain Próiséisiṫe na Gaillime

Tá ábar smaointe insan sagas ...ibre atá ar fáil i gcuid de na ...ionscail nua, agus go speisial... ...a, insan stáisiún próiséisiṫe ...isc i nGaillim. Tá ana ċaint ar ...n stáisiún seo le cúpla seaċt... ...in anuas, toisc gur tugaḋ cead ...o tráiléar iasaċta éisc a ċur ...dtír don ṁonarca.

Tamall ó ṡin, ceistníoḃ cé ...méid daoine a ḃí ag obair insan ...táisiún, agus tugaḋ mar freag... ...a, go raiḃ 58.

Aċ, is cosúil gur páistí 20 ...íoḃa seo (beirt gasúir, agus ...8 cailíní). Níl aċ 35 os cionn 16 ...liain d'aois.

Den 58, mar sin, tá triúr oib...iṫe cléireaċais, agus 55 oib...iṫe, agus 20 de na h-oibriṫe ...eo, páistí faoi 16 bliain iad.

Den 35 atá os cionn 16 bliain ...íl aċ 16 buaċaillí, agus tá 19 ...ailíní. Íoctar ráta pái 3s. 11d. ...an uair le buaċaillí os cionn 16, ...ċ ní íoctar aċ 2s. 4d. san uair ...e na cailíní ós cionn 16 bliain. ...s. san uair a íoctar leis na ...áistí faoi 16 bliain.

Dealraíonn sé gur cuideaċtan ...ríoḃáideaċ — Sea Fisheries ...td., atá ag baint úsáide as an ...táisiún próiséisiṫe éisc i Gaillim. Níor h-íocaḋ cáin ar ...iṫ ar an iasc a cuireaḋ i dtír, ...r an ábar go ḃfuiltear leis na ...orṫaí ar fad a onnṁuiriú.

Pái iomlán £324 sa tseaċtain ...íoctar nó timpeall meán pái ...6 sa tseaċtain.

Ḃí a lán ceisteanna ag an ...asal Ó Cuagáin, faoi an ġnó ...eo sa Dáil, an tseaċtain roiṁ ...ollaig.

Ċeistniġ sé, taréis freagra ...'ḟáil, ar cad é an dáta a raiḃ ...n méid seo oibriṫe ag obair in... ...an ṁonarcan agus dúirt an ...Uasal Ó Colla, naċ raiḃ sé in ...nn an dáta díreaċ a ṫabairt, aċ ...o raiḃ sé ar na mallaiḃ. Dúirt ...n tUasal Ó Cuagáin go raiḃ ...tír aige ó Ḃord Iascaí Mara, ...aċ dtiocfaí glacaḋ le iasc in... ...an stáisiún, toisc gannṫanas foirne. Dúirt an tUasal Ó Colla gur ṫárla sé sin ar an 21ú lá de Iúil, agus ar feaḋ tamaill fada roiṁe sin naċ raiḃ iasc ar biṫ ar fáil, agus ansin gur tugaḋ moll mór iasc isteaċ go tobann, agus naċ raiḃ an ṁonarca in ann iad a ġlacaḋ.

Pádraic Ó Doṁnaill — Naċ eol don Rúnaí Pairliminte gur cuireaḋ 2,000 boscaí de iasc bán isteaċ ċuig na Cealla Beaga. Go minic caiṫtear an t-iasc sin a ċur isteaċ insan monarca mín-éisc. Maraċ an tráiléar iasaċta a beiṫ teaċt isteaċ go Gaillim, d'ḟéadfaí an t-iasc sin a úsáid i nGaillim.

An tUasal Ó Colla — Ní h-é sa tseaċtain, aċ sna ceiṫre seaċtainí a cuireaḋ 2,000 boscaí i dtír.

P. Ó Doṁnaill—Cé'n fáṫ nár ceannaíoḋ iad seo don ṁonarca próiséisiṫe?

An tUasal Ó Colla — Díoltar an t-iasc ar ceant poiblí ar na Cealla Beaga.

P. Ó Doṁnaill — Tá muid ag caint faoi Ġaillim anois.

An tUasal Ó Colla — Ní ṫig le monarcan na gCealla Beaga, an t-iasc a ċeannaċ. Ní ṫig leo a ḟáil.

P. Ó Doṁnaill — An ionann luċt stiúrṫa na Cealla Beaga, ⁊ na Gaillime?

An tUasal Ó Colla—Is ionann iad.

P. Ó Doṁnaill — Anois, tá fios againn an aicme.

Ag freagairt ceiste eile ó'n Uasal Ó Cuagáin, dúirt an tUasal Ó Colla, ag glacaḋ an dá ṫuras, ar an 30ú Samain, agus an 7ú Nollaig, gur cuireaḋ i dtír i nGaillim ón tráiléar iasaċta 4½ com. sole; 2 com. brill; 3 com. turbot; 15 com. moncfish; 12½ com. ray; 41 com. trosc; 142 com. haddock; 1 com. hake; 1 com. faoitín; 110 com. pollóg; 5 com. moncfish; 17 com. Dublin Prawns; 94 com. ilġnéiṫeaċ.

na Coláistí Ullṁúċáin

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ an tUasal ...eán Ó Treasaí, T.D., den Aire ...Oideaċais cé ṁéid daoine a ḃua... ...áit ins na Coláistí Ullṁúċáin ...ḃí ins na Coláistí sin fós? Cad ...o na Coláistí ina ḃfuil siad? ...gus an líon ó gaċ ceantar ar ...iṫ den Ġaeltaċt de réir ċon... ...aeṫa, atá i ngaċ ceann de na ...oláistí sin? Cé ṁéid mac-léinn ...tá i ngaċ ceann de na Coláistí ...liúna na Múinteoirí? Cé ṁéid ...u a ṫáinig as na Coláistí Ull... ...úċáin? Agus cé ṁéid nár ṫáin... ...as na Coláistí Ullṁúċán ins ...Coláistí Oiliúna, a ṫáinig as ...nGaeltaċt?

D'ḟreagair an Dr. Ó hIrġile, ...D., Aire Oideaċais, gur cuir... ...ó deireaḋ le córas na gColáis... ...í Ullṁúċáin ar an 31ú Iúil, '61 ...raiḃ aon ṁacléinn díoḃa sin ins na Coláistí Ullṁúċáin i láṫair na huaire. Mar sin, san am i láṫair, tá 61 as an 231 mac-léinn atá i gColáiste Naoṁ Pádraig, as na Coláistí Ullṁúċáin; 103 as an 320 atá i gColáiste Ban Ṫiarna na Trocaire, Carraig Duḃ, as na Coláistí Ullṁúċáin; 18 as an 210 atá i gColáiste Muire gan Smál, Luimneaċ, as na Coláistí Ullṁúċáin. Den 61 atá i gColáiste Pádraig, ṫáinig 16 as Gaeltaċt Ṫírċonaill; 2 as Gaeltaċt Ṁuiġeo; 10 as Gaeltaċt na Gaillime; 4 as Gaeltaċt Ċiarraí agus 3 as Gaeltaċt Ċorcaí. Den 103 atá ar an Ċarraig Duḃ, ṫáinig 16 as Tírċonaill; 2 as Muiġeo; 15 as Gaillim; 8 as Ciarraí. Agus den 18 i gColáiste Muire gan Smál, ṫáinig 1 as Ciarraí, agus beirt as Corcaí.

Iontas ar an Ċonraḋ

Ḃeir Coiste Gnóṫa Ċonraḋ na ...eilge plé ar an socrú nua atá ...olta ag an Roinn Oideaċais ...n triail i labairt na Gaeilge ... scrúdú Ardteistiméireaċta ... an gcruinniú míosúil Dé Sat... ...rn. Is íonaḋ leis an gCoiste ...nóta go ndéanfaḋ an Roinn a ...itéid de ṡocrú díreaċ ag an ...i so agus an Páipéar Bán le ...ilsiú go luaṫ. Socraíoḋ ar ...ríoḃaḋ ċuig an Taoiseaċ agus ...ig an Aire Oideaċais i dtaoḃ ... tsocraiṫe. Tógfar an ċeist ...eisin le Cumainn na mBainis... ...oirí agus le Cumann na Meán ...úinteoirí.

Foraoiseaċt

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ an tUasal Ó Bearráin, den Aire Tailte, ċun maolú a ḋéanaṁ ar an titim 36,000 insan uiṁir oibriṫe i dtalmaíoċt, foraoiseaċt agus iascaireaċt, san tréiṁse 1960 go dtí 1970 an ḃféaċfaḋ sé leis an méid bliantúil foraoiseaċta a ardú go 30,000 acraí. D'ḟreagair an tAire naċ mbeaḋ tionċar ró ṁór ag a leiṫéid de ardú ar uiṁir na n-oibriṫe insan rannóg i gceist, agus ar aon ċuma, ḃí deacraċt ag an Roinn, ag fáil dóṫain talaṁ leis an 25,000 acraí plandáil bliantúil a ḃí dá ḋéanaṁ acu san am i láṫair, a ċoiméad suas.

Gá le Infeistiú Trom san Iascaireaċt

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ an tUasal A. Esmonde, den Aire Tailte, arḃ eol do an riaċtanas speisialta a ḃí le infeistniú trom airgid insan tionscail iascaireaċta, agus an raiḃ pleananna ar biṫ déanta aige lena agaiḋ seo.

D'ḟreagair Seoirse Ó Colla, T.D., Rúnaí Pairliminte don Aire Tailte, go raiḃ ḟios aige go raiḃ gá le infeistniú réasúnta trom, tionscail na hiascaireaċta agus go ḃféadfaḋ an Teaċta a ġlacaḋ go mbeaḋ tacaíoċt iomlán le fáil ag pleananna fiúntaċa ar biṫ don tionscail. Ḃí roinnt pleananna á scrúdú láṫair na h-uaire fá ċoinne caḃair Stáit ċoṁ maiṫ leis an scéim do na cúig portanna móra.

Sir A. Esmonde — Naċ dtuigeann an Rúnaí Pairliminte de ṫairḃe an méid a ṫárla i nGaillim, ar na mallaiḃ, go ḃfuil sé ṫar am, tráiléirí na hÉireann a aṫrú go dtí tráiléirí móra a ḃéas ábalta dul i gcoiṁlint le tráiléirí iasaċta.

An tUasal Ó Colla—Ní aontaím leis sin.

Sir A. Esmonde — Naċ n-aontaíonn an Rúnaí Pairliminte go ḃfuil bádaí beaga na hÉireann dá gclaoi le bádaí móra nua-aimsire na Spáinne agus na Fraince, de réir mar a ṫárla i nGaillim ar na mallaiḃ.

Dúirt an tUasal Ó Colla go mbeaḋ sé ag deileáil leis sin níos moille.

Gaeilge Ḃeo do Radio Éireann

RISTEARD O GLAISNE

Raithe no mar sin o shin bhi an Dr. Hans Hartmann, scolaire Gearmanach, ag togail seanchais ar teip o dhaoine thiar i gConamara i gcomhair leis an Dr. Tomas de Bhaldraithe, Ollamh na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile Naisiunta i mBaile Atha Cliath.

"Ie beo-chaint ar fad ata a cur ar teip," duirt Sean O Conghaola in alt ar INNIU san am. "Ta ionad acu i ngach paroiste agus is ionduil gur triur cainteoiri a bhionn ag caint ar gach seisiun, is e sin cathaoirleach agus beirt chainteoiri. Is feidir le gach uile thriur o dha uair a chloig go dti tri huaire a chloig a bhaint amach sa chaint gan aon stop (is e sin ma bhionn an chaint ag teacht leo). Nuair a bhionn foireann amhain reidh leis an abhar a bhionn a phle acu bionn foireann eile cainteoiri reidh le tosu ar abhar eigin eile. Is mar sin ata an obair a stiuradh.

"Rinne cainteoiri as Cois Fharraige beagan seanchais a bhain lena gceantar fein a chur ar teip ta tamall o shin agus ta se acu ansin. Siad Cumann Dios-poireachta Chois Fharraige a bhi ina bhun."

Nil a fhios agam an bhfeadfadh Radio Eireann cuid de na teipeanna seo a fhail ar iasacht, ach ceapaim go mba mhor an gar e da bhfeadfadh. Blianta eigin o shin anois craoladh sraith diospoireachtai a rinne cainteoiri duchais, agus bhi siad thar barr.

"It is," duirt an tAthair J. Veale, S.J., i STUDIES an Fhomhair, 1957, "sobering to compare the hesitations, the vague words, the irrelevancies of a Radio Eireann discussion in English with the fluency, cogency, indeed the courtesy of a group of men from Conamara debating on the radio in Irish."

Is sceinte go leor an meid Gaeilge ata a chraoladh o Radio Eireann ar an aimsir seo. An meid ata ann, ta se maith, ach nil an scop faoi a bhionn moran i gconai faoi chomhra an chainteora dhuchais dheisbhealaigh nuair a chuirtear ag caint ar rud eigin a bhfuil eolas maith aige air. Murar feidir na teipeanna seo a fhail, nach bhfuil se in am smaoineamh ar an aonad taistil a chur chun na nGaeltachtai ar thoir diospoireachtai den tsort geabh eile?

Dé hAoine—5.1, Ceili na nOg. 5.30, Junior Sports Christmas Quiz. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Break for Music. 8.1, Moore's Melodies. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Suil Siar ar an Mhor-Roinn. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Around the Town.

Dé Domhnaigh —10.25, Weather Forecast. 10.30, High Mass. 11.15, Signpost and Records. 11.30, Annual Covenant Service. 12.30, Just For The Fun Of It. 1.0, The Maureen Potter Show. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Town Hall Tonight. 2.45, Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, Mr. Upjohn. 4.30, A New Approach to the Bissextile Problem, or Why 1964 Was a Leap Year. 5.05, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Soccer Survey. 6.50, Newspoint. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, The Seventeen Club. 8.0, Room For Two. 9.0, Hoot'nanny. 9.30, The Years of the Great Test. 10.0, Gaelic Sports News. 10.30, Music of the Nation. 11.0, Record Report.

Dé Luan—5.1, The Adventures of Gonna. 5.15, Amhrain Do Phaisti. 5.30, Mrs. Easter's Parasol. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. **Athlone Wavelength:** 7.30, Fleadh Ceoil an Radio. 8.1, Newry in '98. 8.30, Pick of the Paperbacks. 8.45, Poetry Anthology. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. **Dublin & Cork Wavelengths:** 7.30, Messiah. 9.50, Liszt. **All Wavelengths:** 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Ballads at Night. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart—5.01, The Gentle Dragon. 5.15, Choir. 5.30, Ar Fud na Tire. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Report on Attested Store Cattle Sales; Announcements. 6.45, A Job of Journeywork. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Radio Eireann Singers. 8.1, A Woman's World. 8.30, Cursai Thomais. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Good Evening, Friends! 10.45, Requests from Overseas.

Dé Ceadaoin — 10.30, High Mass for the Feast of the Epiphany. 5.1, Poots and Yackle. 5.15, Finnegan Picks the Music. 5.30, Junior Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Cattle Market Report; Announcements. 6.45, Merry-Go-Round. 7.30, Favourite Records of Famous People. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Talk for the Feast of the Epiphany. 10.45, Came the Dawn.

Diardaoin—5.01, An Cat a d'Ith an Choinneal. 5.20, Gateway to the Sea. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Old Saint Paul's. 8.1, The Best of British Jazz. 8.30, Between Ourselves. 9.1, A Paris Fixture. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Am Loin ar an gCearnog. 10.30, Oriental Caravan. 10.45, Recital.

Tarrṫail Capaill

Ar feaḋ trí lá ḃí capall maiṫ feilme fágṫa gan bia gan fótain ar ardán in aice le Peterwell, i gCo. na Gaillime. Ḃí na tuillteaċa suas le 10 dtroiġ ar doiṁne ṫart timpeall ar fad, agus ní ḟéadfaḋ an capall dul amaċ, nó aon duine dul isteaċ ċuige. Iarraḋ caḃair ar seirḃís tine na condae, agus ar briogaidí Loċ Riaċ, agus Gort, aċ ní raiḃ aon gléasra acu ċuige. Fé ḋeireaḋ, le caḃair an Loughrea Anglers Association, ċuaiġ an feilméar féin isteaċ i mbád, agus ṁeall sé an capall amaċ ina ḋiaiḋ leis an ceaṫrú míle a ṡnáṁ amaċ go dtí talaṁ tirim.

Lá Breiṫe an tSeaċtain seo

Guímid lá breiṫe sona dóiḃ seo leanas; AOINE 1-1-65 — Irín Ní Ċuilinn, 3 Br. Buinsor, Raṫ Maonais, Máire Ní Aogáin, Cluain Mór, Tiobráid Árainn. DOṀNAĊ 3ú: Áine Ní Ċuinn, 5 Ardán an Rois, Cnoc an Arḃair, Áṫ Cliaṫ. LUAN 4ú — Máiréad Ní Loingsiġ Raṫ Fearnáin; Brian Ó Cromlaoiċ, Cranóiḃ, Cappagh, Dún Geanainn. MÁRT 5ú —Sintia Ní Ḃroin, Cill Ċatlaiġ; CEADAOINE 6ú — Áine Ní Ḟeargail, Coras, Cill Ċatlaiġ.

Soláṫar Leanúaċ do Ṁonarcain

Sa Dáil, d'iafraiġ Fiontan Ó Cuagáin, T.D., agus Seán Mac Eoċagáin, T.D., faoi cúrsaí an stáisiún próiséisiṫe éisc i nGaillim, agus ag freagairt, dúirt Seoirse Ó Colla, T.D., go raiḃ sé lán tsásta go gcaiṫfí forbairt níos iomláine agus níos tapúla a ḋéanaṁ ar an ṗróiséisiú éisc. De ḃrí sin, ċaiṫfí a ċintiú do na monarcáin láiṫreaċ agus do ṁonarcain ar biṫ eile a ḃunófaí go mbeaḋ soláṫar leanúnaċ éisc. Dá ḃrí sin, ḃí sé i gceist aige aire ar leiṫ a ṫabairt do ċonarṫaí idir na hiascairí, agus na monarcain próiséisiṫe, le cintiú go mbeaḋ an íos-ṁéid a ḃeaḋ ag teastáil, le fáil, agus ḃí lán dóċas aige, go mbeaḋ iascairí na hÉireann frío am, agus le tuilleaḋ caḃair Stáit, agus spreagaḋ, ábalta a ndualgas féin insan ċuid seo a ċoṁlíonaḋ. Aċ, san eadarlinn, d'ḟonn a ċintiú go mbeaḋ dóṫain éisc ag monarca Ḃord Iascaiġ Ṁara i nGaillim, tugaḋ ceadúnas do ṫráiléar iasaċta, iasc a ċur i dtír mar forlíon, agus ní hé in ionad an méid a ċuirfeaḋ bádaí na Gaillime, i dtír. Agus rinneaḋ seo, do ḟonn agus go gcoṁlíonfaí orduiṫe onnṁuiriṫe a ḃí ag an ṁonarcain. Ní raiḃ sé fíor de réir an eolas s'aigesan a rá go ḋiúltaiġ an ṁonarca glacaḋ le iasc ó ṫráiléirí na hÉireann toisc naċ raiḃ oibriṫe acu lena láiṁseáil. Do ḋiúltaiġ siad do iasc naċ raiḃ feiliúnaċ. Níor ṁeas sé gur coiṁlint éagcóraċ a ḃí ann.

Muintir na Gaeltaċta a d'ḟoillsiġ. "Democrat," Tír Ċonaill, ċlóḃualaḋ.